Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9168/23**
**ADD 1**

**ENT 98**
**MI 384**
**COMPET 419**
**IND 234**
**SAN 238**
**ENV 478**
**CHIMIE 43**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | […](2023) XXX draft - D 083921/7 IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micreacháithníní polaiméire sintéisí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2023) XXX draft - D 083921/7 IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: […](2023) XXX draft - D 083921/7 IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D083921/07
[…](2023) XXX draft

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann le***

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**
**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micreacháithníní polaiméire sintéisí**

GA GA

**IARSCRÍBHINN**

Leasaítear Iarscríbhinn XVII mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ‘[*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an chéad uimhir leantach eile* ] Micreacháithníní polaiméire sintéisí:<br><br>polaiméirí atá soladach agus a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:<br><br>(a) tá siad i gcáithníní agus is ionann iad agus 1 % ar a laghad de réir meáchain de na cáithníní sin; nó tógann siad bratú leanúnach dromchla ar cháithníní;<br><br>(b) i gcás ina gcomhlíonann 1 % ar a laghad de na cáithníní dá dtagraítear i bpointe (a), de réir meáchain, ceachtar de na dálaí seo a leanas:<br><br>(i) tá toisí uile na gcáithníní cothrom le 5 mm nó níos lú ná sin;<br><br>(ii) tá fad na gcáithníní cothrom le 15 mm nó níos lú ná sin agus tá a gcóimheas idir fad | 1. Ní dhéanfar iad a chur ar an margadh mar shubstaintí ina n-aonair nó, i gcás ina bhfuil na micreacháithníní polaiméire sintéisí ann chun saintréith inmhianaithe a thabhairt, i meascáin i gcomhchruinniú cothrom le 0.01 % de réir meáchain nó níos mó ná sin.<br><br>2. Chun críocha na hiontrála seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:<br><br>(a) ciallaíonn ‘cáithnín’ mionphíosa damhna, seachas móilíní aonair, a bhfuil teorainneacha sainithe fisiceacha aige;<br><br>(b) ciallaíonn ‘soladach’ substaint nó meascán seachas leacht nó gás;<br><br>(c) ciallaíonn ‘gás’ substaint nó meascán a bhfuil brú gaile aige/aici ag 50 °C ar mó é ná 300 kPa (dearbh), nó atá go hiomlán gásach ag 20 °C ag brú caighdeánach 101.3 kPa;<br><br>(d) ciallaíonn ‘leacht’ substaint nó meascán a chomhlíonann aon cheann de na dálaí seo a leanas:<br><br>(i) tá brú gaile nach mó ná 300 kPa ag an tsubstaint nó ag an meascán ag 50 °C, níl sí nó sé go hiomlán gásach ag 20 °C agus ag brú caighdeánach 101.3 kPa, agus tá leáphointe nó leáphointe tosaigh 20 °C aige nó níos lú ná sin ag brú caighdeánach 101.3 kPa;<br><br>(ii) comhlíonann an tsubstaint nó an meascán na critéir atá i Modh Caighdeánach Tástála D 4359- 90 chun a Chinneadh an Leacht nó Soladach é Ábhar ón gCumann Meiriceánach um |

| | |
|---|---|
| agus trastomhas níos mó ná 3.<br><br>Eisiatar na polaiméirí seo a leanas ón ainmniúchán seo:<br><br>(a) polaiméirí ar toradh iad ar phróiseas polaiméiriúcháin a tharla sa nádúr, go neamhspleách ar an bpróiseas trínar eastóscadh iad, nach substaintí atá modhnaithe go ceimiceach iad;<br><br>(b) polaiméirí atá indíghrádaithe mar a chruthaítear i gcomhréir le Foscríbhinn [X];<br><br>(c) polaiméirí a bhfuil intuaslagthacht acu ar mó é ná 2 g/L mar a chruthaítear i gcomhréir le Foscríbhinn [Y];<br><br>(d) polaiméirí nach bhfuil adaimh charbóin ina struchtúr ceimiceach. | Thástáil agus Ábhair (ASTM);<br><br>(iii) éiríonn leis an tsubstaint nó an meascán sa tástáil sreabhántachta (tástáil treámhéadair) ar a dtugtar tuairisc i gcaibidil 2.3.4 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) arna chur i gcrích sa Ghinéiv an 30 Meán Fómhair 1957;<br><br>(e) ciallaíonn 'táirge smididh' aon substaint nó meascán a bheartaítear a chur i dteagmháil le codanna seachtracha sonracha de chorp an duine, is é sin an eipideirm, malaí agus fabhraí, d'fhonn a gcuma a athrú, go heisiach nó go príomha;<br><br>3. I gcás nach féidir comhchruinniú na micreacháithníní polaiméire sintéisí a chumhdaítear leis an iontráil seo a chinneadh trí mhodhanna anailíse atá ar fáil nó trí dhoiciméadacht a ghabhann leo, chun comhlíontacht na teorann comhchruinnithe dá dtagraítear i mír 1 a fhíorú, ní chuirfear san áireamh ach na cáithníní atá ar a laghad den mhéid seo a leanas:<br><br>(a) 0.1 µm d'aon toise, do cháithníní a bhfuil na toisí uile acu cothrom le 5 mm nó níos lú ná sin;<br><br>(b) 0.3 µm ar fhad, do cháithníní a bhfuil fad acu atá cothrom le 15 mm nó níos lú ná sin agus a bhfuil cóimheas faid go trastomhais acu atá níos mó ná 3.<br><br>4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas a chur ar an margadh:<br><br>(a) micreacháithníní polaiméire sintéisí, mar shubstaintí ina n-aonair nó i meascáin, le húsáid ag láithreáin thionsclaíocha;<br><br>(b) táirgí íocshláinte faoi raon feidhme Treoir 2001/83/CE agus táirgí íocshláinte tréidliachta faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa |

| | |
|---|---|
| | agus ón gComhairle*;<br><br>(c) táirgí leasacháin AE faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;<br><br>(d) breiseáin bia faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;<br><br>(e) feistí diagnóiseacha *in vitro*, lena n-áirítear feistí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/746****;<br><br>(f) bia de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 nach gcumhdaítear le pointe (d) den mhír seo, agus beatha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Rialachán sin.<br><br>5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na micreacháithníní polaiméire sintéisí seo a leanas a chur ar an margadh, mar shubstaintí ina n-aonar nó i meascáin:<br><br>(a) micreacháithníní polaiméire sintéisí a shrianaítear trí mhodhanna teicniúla ionas go seachnófar scaoiltí chuig an gcomhshaol nuair a úsáidtear iad i gcomhréir leis na treoracha úsáide le linn na húsáide deiridh atá beartaithe;<br><br>(b) micreacháithníní polaiméire sintéisí a ndéantar a n-airíonna fisiceacha a mhodhnú go buan le linn na húsáide deiridh atá beartaithe ar bhealach nach dtagann an polaiméir faoi raon feidhme na hiontrála seo a thuilleadh;<br><br>(c) micreacháithníní polaiméire sintéisí a ionchorpraítear go buan i maitrís soladach le linn na húsáide deiridh atá beartaithe.<br><br>6. Beidh feidhm ag mír 1 mar a leanas maidir leis na húsáidí seo a leanas:<br><br>(a) ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an* |

| | |
|---|---|
| | *dáta = 6 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] maidir le micreacháithníní polaiméire sintéisí atá le húsáid in imchochlú cumhrán;<br><br>(b) ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás táirgí sruthlaithe mar a shainmhínítear i bpointe (1)(a) den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinní II go VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 mura gcumhdaítear táirgí den sórt sin faoi phointe (a) den mhír seo nó mura bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí iontu lena n-úsáid mar scríobach, i.e. is é sin chun scamhadh, snasú nó glanadh a dhéanamh (‘micreachoirníní’);<br><br>(c) ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 bhliain tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás táirgí liopaí mar a shainmhínítear i bpointe (1)(e) den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinní II go VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, táirgí ingne mar a shainmhínítear iad i bpointe (1)(g) den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinní II go VI a ghabhann leis an Rialachán sin, agus táirgí smididh faoi raon feidhme an Rialacháin sin, mura gcumhdaítear táirgí den sórt sin i bpointí (a) nó (b) den mhír seo nó mura bhfuil micreachoirníní iontu;<br><br>(d) ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás táirgí neamhshruthlaithe, mar a shainmhínítear i bpointe (1)(b) den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinní II go VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, mura gcumhdaítear táirgí den sórt sin i bpointí (a) nó (c) den mhír seo;<br><br>(e) ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás glantach, mar a |

| | |
|---|---|
| | shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 648/2004, céaracha, snasáin agus táirgí aerchúraim, mura gcumhdaítear na táirgí sin faoi phointe (a) den mhír seo nó mura bhfuil micreachoirníní iontu;<br><br>(f) ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás ‘feistí’, faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/745[*****], mura bhfuil micreachoirníní sna feistí sin;<br><br>(g) ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás ‘táirgí leasacháin’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialacháin (AE) 2019/1009, nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin;<br><br>(h) ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás táirgí cosanta plandaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[******] agus síolta arna cóireáil leis na táirgí sin, agus táirgí bithicíde mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*******];<br><br>(i) ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás táirgí chun críocha talmhaíochta agus gortóireachta nach gcumhdaítear le pointí (g) nó (h);<br><br>(j) ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] i gcás inlíonadh gráinneach atá le húsáid ar dhromchlaí spóirt sintéiseacha.<br><br>7. Ón… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach* |

| | |
|---|---|
| | *seo teacht i bhfeidhm*] soláthróidh soláthróirí micreacháithníní polaiméire sintéisí dá dtagraítear i mír 4, pointe (a), an fhaisnéis seo a leanas:<br><br>(a) treoracha úsáide agus diúscartha lena mínítear d'úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha conas scaoiltí micreacháithníní polaiméire sintéisí chuig an gcomhshaol a chosc;<br>(b) an ráiteas seo a leanas: 'Tá na micreacháithníní polaiméire sintéisí a sholáthraítear faoi réir na ndálaí a leagtar síos le hiontráil [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn*] d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle';<br>(c) an fhaisnéis faoi chainníocht nó, de réir mar is infheidhme, faoi chomhchruinniú micreacháithníní polaiméire sintéisí sa tsubstaint nó sa mheascán;<br>(d) faisnéis chineálach faoi chéannacht na bpolaiméirí atá sa tsubstaint nó sa mheascán a chuireann ar a gcumas do mhonaróirí, d'úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha agus do sholáthróirí eile a n-oibleagáidí a leagtar síos i míreanna 11 agus 12 a chomhlíonadh.<br><br>8. Ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] soláthróidh soláthróirí táirgí ina bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí dá dtagraítear i mír 4, pointe (e), agus ó [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] agus soláthróidh soláthróirí táirgí ina bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí dá dtagraítear i mír 4, pointe (d) agus mír 5, treoracha úsáide agus diúscartha lena mínítear d'úsáideoirí gairmiúla agus don phobal i gcoitinne conas scaoiltí micreacháithníní polaiméire sintéisí chuig an gcomhshaol a chosc.<br><br>9. Ó... [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] go dtí… [*A* |

| | |
|---|---|
| | *Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 bhliain – 1 lá tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach seo i bhfeidhm*] soláthróidh soláthróirí táirgí dá dtagraítear i mír 6, pointe (c), ina bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí an ráiteas seo a leanas: 'Tá micreaphlaistigh sa táirge seo.' Mar sin féin, ní cheanglaítear ar tháirgí a cuireadh ar an margadh roimh [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*] an ráiteas sin a bheith orthu go dtí [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 8 mbliana + 2 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm*].<br><br>10. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 7, 8 agus 9 i bhfoirm téacs atá le feiceáil go soiléir, inléite agus doscriosta nó, i gcás inarb iomchuí maidir leis an bhfaisnéis i míreanna 7 agus 8, i bhfoirm picteagram. Cuirfear an téacs nó na picteagraim ar an lipéad, ar an bpacáistíocht, nó ar bhileog phacáistíocht na dtáirgí ina bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí nó, maidir leis an bhfaisnéis i mír 7, ar an mbileog sonraí sábháilteachta. I dteannta an téacs nó na bpicteagram, féadfaidh soláthróirí uirlis dhigiteach a sholáthar a thugann rochtain ar leagan leictreonach den fhaisnéis sin.<br><br>I gcás ina sholáthraítear treoracha úsáide agus diúscartha i gcomhréir le míreanna 7, 8 agus 9 i bhfoirm téacs, beidh siad i dteangacha oifigiúla na mBallstát ina gcuirtear an tsubstaint nó an meascán ar an margadh, ach amháin má fhorálann na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt.<br><br>11. Ag tosú ón… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an bhliain féilire ina dtitfidh an dáta 24 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm. Má tá an dáta ríofa seo níos déanaí sa bhliain ná an 31 Bealtaine, áfach, cuir isteach an bhliain féilire seo a leanas.*] cuirfidh monaróirí agus |

| | |
|---|---|
| | úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha micreacháithníní polaiméire sintéisí i bhfoirm millíní, calóg, agus púdar a úsáidtear mar bhunábhar i monaraíocht phlaisteach ag láithreáin thionsclaíocha, agus, ag tosú ón... [A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an bhliain féilire ina dtitfidh an dáta 36 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm. *Má tá an dáta ríofa seo níos déanaí sa bhliain ná an 31 Bealtaine, áfach, cuir isteach an bhliain féilire seo a leanas*], cuirfidh monaróirí eile micreacháithníní polaiméire sintéisí agus úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha eile a úsáideann micreacháithníní polaiméire sintéisí ag láithreáin thionsclaíocha an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Ghníomhaireacht faoin 31 Bealtaine gach bliain:<br><br>(a) tuairisc ar úsáidí micreacháithníní polaiméire sintéisí sa bhliain féilire roimhe sin;<br><br>(b) i gcás gach úsáide a bhaintear as micreacháithníní polaiméire sintéisí, faisnéis chineálach faoi chéannacht na bpolaiméirí a úsáidtear;<br><br>(c) i gcás gach úsáide a bhaintear as micreacháithníní polaiméire sintéisí, meastachán ar chainníocht na micreacháithníní polaiméire sintéisí a scaoileadh chuig an gcomhshaol sa bhliain féilire roimhe sin, lena n-áireofar freisin cainníocht na micreacháithníní polaiméire sintéisí a scaoiltear chuig an gcomhshaol le linn iompair.<br><br>(d) i gcás gach úsáide a bhaintear as micreacháithníní polaiméire sintéisí, tagairt don mhaolú a leagtar síos i mír 4, pointe (a).<br><br>12. Ó… [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an bhliain féilire ina dtitfidh an dáta 36 mhí tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm. Má tá an dáta ríofa seo níos déanaí sa bhliain ná an 31 Bealtaine, áfach, cuir isteach an bhliain féilire seo a leanas*], cuirfidh soláthróirí táirgí ina bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí dá dtagraítear i |

| | |
|---|---|
| | míreanna 4, pointí (b), (d) agus (e), agus mír 5, a chuirtear ar an margadh den chéad uair d'úsáideoirí gairmiúla agus don phobal i gcoitinne, an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na Gníomhaireachta faoin 31 Bealtaine gach bliain:<br><br>(a) tuairisc ar na húsáidí deiridh ar cuireadh na micreacháithníní polaiméire sintéisí ar an margadh ina leith sa bhliain féilire roimhe sin;<br><br>(b) i gcás gach úsáide deiridh ar cuireadh na micreacháithníní polaiméire sintéisí ar an margadh ina leith, faisnéis chineálach faoi chéannacht na bpolaiméirí a cuireadh ar an margadh sa bhliain féilire roimhe sin;<br><br>(c) i gcás gach úsáide deiridh dár cuireadh na micreacháithníní polaiméire sintéisí ar an margadh, meastachán ar chainníocht na micreacháithníní polaiméire sintéisí a scaoileadh chuig an gcomhshaol sa bhliain féilire roimhe sin, lena n-áireofar freisin cainníocht na micreacháithníní polaiméire sintéisí a scaoiltear chuig an gcomhshaol le linn iompair.<br><br>(d) i gcás gach úsáide a bhaintear as micreacháithníní polaiméire sintéisí, tagairt do na maoluithe is infheidhme a leagtar síos i mír 4, pointí (b), (d) nó (e), nó mír 5, pointí (a), (b) nó (c).<br><br>13. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis a cuireadh isteach faoi mhíreanna 11 agus 12 a chur ar fáil do na Ballstáit.<br><br>14. Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha táirgí a bhfuil micreacháithníní polaiméire sintéisí iontu faisnéis shonrach maidir le céannacht na bpolaiméirí a chumhdaítear leis an iontráil seo agus atá sna táirgí sin agus maidir le feidhm na bpolaiméirí sin sna táirgí a sholáthar do na húdaráis inniúla arna n-iarraidh sin dóibh. Beidh an fhaisnéis shonrach maidir le céannacht na bpolaiméirí chun polaiméirí a |

| | |
|---|---|
| | shainaithint go soiléir leordhóthanach agus áireofar léi ar a laghad an fhaisnéis a leagtar síos i bpointí 2.1 go 2.2.3 agus i bpointí 2.3.5, 2.3.6 agus 2.3.7 d'Iarscríbhinn VI, i gcás inarb infheidhme.<br><br>Mura bhfuil an fhaisnéis ar fáil d'úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha, iarrfaidh siad í ar a soláthróir laistigh de 7 lá ón iarraidh a fháil ó na húdaráis inniúla agus cuirfidh siad na húdaráis ar an eolas faoin iarraidh a rinneadh gan mhoill.<br><br>Tar éis dóibh an iarraidh dá dtagraítear sa dara fomhír a fháil, soláthróidh na soláthróirí an fhaisnéis a iarrtar laistigh de 30 lá don úsáideoir tionsclaíoch iartheachtach nó go díreach don údarás inniúil a iarrfaidh í.<br><br>I gcás ina soláthraíonn an soláthróir an fhaisnéis don úsáideoir tionsclaíoch iartheachtach, cuirfidh an t-úsáideoir tionsclaíoch iartheachtach an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla gan mhoill.<br><br>I gcás ina gcuirfidh an soláthróir an fhaisnéis ar fáil go díreach don údarás, cuirfidh sé an t-úsáideoir tionsclaíoch iartheachtach lena mbaineann ar an eolas chuige sin gan mhoill.<br><br>15. Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha táirgí ina bhfuil polaiméirí a mhaítear a bheith eisiata ó mhicreacháithníní polaiméire sintéisí a ainmniú ar fhorais díghrádaithe nó intuaslagthachta faisnéis a sholáthar, gan mhoill, d'údaráis inniúla lena gcruthófar go bhfuil na polaiméirí sin indíghrádaithe i gcomhréir le Foscríbhinn X nó intuaslagtha i gcomhréir le Foscríbhinn Y, de réir mar is infheidhme, arna iarraidh sin dóibh.<br><br>16. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le micreacháithníní polaiméire sintéisí a chur ar an margadh, astu féin nó i meascáin, a cuireadh ar an margadh roimh [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. |

| | |
|---|---|
| | Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír, áfach, maidir le micreacháithníní polaiméirí sintéisí a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear i mír 6.<br><br>* Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).<br><br>** Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).<br><br>*** Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).<br><br>**** Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).<br><br>***** Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).<br><br>****** Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1). |

| | |
|---|---|
| | ******* Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicíde a chur ar fáil sa mhargadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).' |

(2) cuirtear isteach na Foscríbhinní [X] agus [Y] [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhreacha na bhFoscríbhinní*] seo a leanas:

***Foscríbhinn [X]*** **[***A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na Foscríbhinne*]

**Iontráil [***A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn***] – Rialacha maidir le díghrádú a chruthú**

Leagtar síos san fhoscríbhinn seo na rialacha maidir le díghrádú polaiméirí a chruthú chun críocha iontrála [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn*], is é sin na modhanna tástála ceadaithe agus na critéir phasála le haghaidh na modhanna sin. Dearadh na modhanna tástála chun díghrádú bitheach a thomhas, cé nach féidir é a eisiamh go dtarlaíonn roinnt díghrádú aibitheach le linn na tástála agus go rannchuidíonn sé leis na torthaí tástála.

Is iad saotharlanna a chomhlíonann prionsabail an dea- chleachtais saotharlainne dá ndéantar foráil i dTreoir 2004/10/CE nó caighdeáin idirnáisiúnta eile atá aitheanta mar chaighdeáin choibhéiseacha ag an gCoimisiún nó ag an nGníomhaireacht nó atá creidiúnaithe do ISO 17025 a dhéanfaidh na tástálacha.

### 1. Modhanna tástála

Eagraítear na modhanna tástála ceadaithe i gcúig ghrúpa, ar bhonn a ndeartha agus a mbunréasúnaíochta. Tá sé leordhóthanach na critéir phasála a chomhlíonadh in aon cheann de na modhanna tástála ceadaithe i ngrúpaí 1 go 3 chun a léiriú go bhfuil an polaiméir nó na polaiméirí atá san ábhar a tástáladh agus atá faoi réir na tástála indíghrádaithe agus dá bhrí sin eisiata ó raon feidhme na hiontrála [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn*]. I gcás ina n-úsáidtear tástálacha grúpa 4 nó grúpa 5 chun díghrádú polaiméirí a léiriú le haghaidh úsáidí seachas úsáidí talmhaíochta agus gortóireachta, comhlíonfar na critéir phasála i dtrí dheighleog chomhshaoil a roghnófar mar a leanas:

Deighleog 1: fionnuisce, uisce inbhir nó uisce muirí;
Deighleog 2:
(a) fionnuisce, dríodar inbhir nó dríodar muirí; nó

(b) comhéadan fionnuisce, uisce inbhir nó uisce mhuirí/dríodair úir, dríodair inbhir nó dríodar mhuirí

Deighleog 3: ithir.

*1.1. Grúpa 1. Modhanna tástála scagtha agus critéir phasála chun bith- dhíghrádú réidh a léiriú*

1.1.1. Modhanna tástála ceadaithe i ngrúpa 1:

T1. 'In- bhithdhíghrádaitheacht réidh' (ECFE TG 301 B, C, D, F)
T2. 'In- bhithdhíghrádaitheacht réidh' – $CO_2$ i soithí séalaithe (Tástáil Idirspáis) (ECFE TG 310).

1.1.2. Critéir phasála: Mianrú 60 % tomhaiste, thar 28 lá, mar $CO_2$ éabhlóidithe nó $O_2$ ídithe. Ní gá an ceanglas fuinneoige 10 lá a luaitear sna treoirlínte tástála T1 agus T2 a chomhlíonadh.

*1.2. Grúpa 2. Modhanna tástála scagtha modhnaithe agus feabhsaithe agus critéir phasála chun bith- dhíghrádú réidh a léiriú*

1.2.1. Modhanna tástála ceadaithe i ngrúpa 2:

T1. 'In- bhithdhíghrádaitheacht réidh' (ECFE TG 301 B, C, D, F);
T2. 'In- bhithdhíghrádaitheacht réidh' – $CO_2$ i soithí séalaithe (Tástáil Idirspáis) (ECFE TG 310);
T3. 'In- bhithdhíghrádaitheacht in uisce farraige' (ECFE TG 306).

1.2.2. I gcás mhodhanna tástála ghrúpa 2, féadfar fad na tástála a fhadú go dtí 60 lá agus soithí tástála níos mó a úsáid.

1.2.3. Critéir phasála: Mianrú 60 % tomhaiste, thar 60 lá, mar $O_2$ ídithe (ceadaithe do thástálacha T1 agus T2 amháin) nó $CO_2$ éabhlóidithe. Ní gá an ceanglas fuinneoige 10 lá a luaitear sna treoirlínte tástála T1 agus T2 a chomhlíonadh.

*1.3. Grúpa 3. Modh tástála scagtha agus critéir phasála chun díghrádú intreach a léiriú*

1.3.1. Modh tástála ceadaithe i ngrúpa 3:

T4. 'In- bhithdhíghrádaitheacht Intreach: tástáil MITI mhodhnaithe (II)' (ECFE 302C).

1.3.2. Ní cheadófar réamhoiriúnú an ionaclaim atá luaite i dtreoirlíne tástála T4.

1.3.3. Critéir phasála: $\geq$ 70 % mianrú tomhaiste mar $O_2$ nó $CO_2$ éabhlóidithe laistigh de 14 lá.

*1.4. Grúpa 4. Modhanna tástála scagtha agus critéir phasála chun díghrádú a léiriú i gcoibhneas le hábhar tagartha*

1.4.1. Modhanna tástála ceadaithe i ngrúpa 4:

T5. 'In- bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach a chinneadh i meán uiscí – Modh trí anailís a dhéanamh ar dhé- ocsaíd charbóin éabhlóidithe.' (EN ISO 14852:2021);
T6. 'In- bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach a chinneadh i meán uiscí – Modh tríd an éileamh ar ocsaigin i riospraiméadar dúnta a thomhas.' (EN ISO 14851:2019);
T7. 'Plaistigh – Bithdhíghrádú aeróbach ar ábhair phlaisteacha neamhshnámhacha i gcomhéadan uisce farraige/dríodair a chinneadh – Modh trí anailís a dhéanamh ar dhé- ocsaíd charbóin éabhlóidithe' (EN ISO 19679:2020);
T8. 'Plaistigh – Bithdhíghrádú aeróbach ar ábhair phlaisteacha neamhshnámhacha a chinneadh i gcomhéadan uisce farraige/dríodair ghainmheach – Modh trí éileamh ocsaigine i riospraiméadar dúnta a thomhas' (EN ISO 18830:2016);
T9. 'Plaistigh – In- bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach in ithir a chinneadh tríd an éileamh ar ocsaigin i riospraiméadar nó an méid dé- ocsaíd charbóin atá éabhlóidithe a thomhas' (EN ISO 17556:2019);
T10. 'Plaistigh – Bithdhíghrádú aeróbach ábhair neamhshnámhacha a nochtar do dhríodar muirí a chinneadh – Modh trí anailís a dhéanamh ar dhé- ocsaíd charbóin éabhlóidithe' (ISO 22404:2019).

1.4.2. Cuirfear na sonraíochtaí a leagtar síos in ISO 22403:2020 'Plaistigh – Measúnú ar in- bhithdhíghrádaitheacht intreach na n-ábhar a nochtar d'ionaclaim mhuirí faoi dhálaí saotharlainne aeróbacha meisifileacha – Modhanna tástála agus ceanglais tástála' san áireamh agus T7 agus T8 á gcur i bhfeidhm.

1.4.3. I gcás modhanna tástála grúpa 4, ní cheadófar réamhoiriúnú an ionaclaim. Déanfar an toradh a thuairisciú mar uasleibhéal an díghrádaithe arna chinneadh ó chéim an ardchláir den chuar díghrádaithe, nó mar an luach is airde mura sroicheadh an ardchlár. Beidh foirm, méid agus achar dromchla an ábhair thagartha inchomparáide le foirm, méid agus achar dromchla an ábhair tástála. Féadfar na hábhair seo a leanas a úsáid mar ábhair thagartha:

- rialuithe dearfacha: ábhair in- bhithdhíghrádaithe amhail púdar ceallalóis mhicricriostalta, scagairí ceallalóis gan luaith nó pola- β- hiodrocsabútaráit.
- rialuithe diúltacha: polaiméirí nach bhfuil in- bhithdhíghrádaithe amhail poileitiléin nó polaistiréin.

1.4.4. Critéir phasála: díghrádú deiridh ≥ 90 % i gcoibhneas le díghrádú an ábhair thagartha laistigh de:

- 6 mhí i dtástálacha uisceacha, nó,
- 24 mhí i dtástálacha comhéadain ithreach, dríodair nó uisce/dríodair.

*1.5. Grúpa 5. Modhanna tástála ionsamhlúcháin agus critéir phasála chun díghrádú a léiriú faoi dhálaí comhshaoil ábhartha*

1.5.1. Modhanna tástála ceadaithe i ngrúpa 5:

T11. 'Claochlú Aeróbach agus Anaeróbach in Ithir' (ECFE TG 307)
T12. 'Claochlú Aeróbach agus Anaeróbach i gCórais Dríodair Uisceacha' (ECFE TG 308)
T13. 'Mianrú Aeróbach in Uisce Dromchla – Tástáil Bithdhíghrádaithe Insamhalta' (ECFE TG 309)

1.5.2. Is é 12 °C an teocht tástála a cheanglaítear a bheith ann i gcás fionnuisce/uisce inbhir, dríodair fhionnuisce/uisce inbhir agus ithir, agus 9 °C d'uisce muirí agus dríodar muirí toisc gurb iad sin na meánteochtaí do na deighleoga sin san Aontas.

1.5.3. Critéir phasála:

- gur lú ná 60 lá leathré an díghrádaithe in uisce muirí, i bhfionnuisce nó in uisce inbhir;
- gur lú ná 180 lá leathré an díghrádaithe i ndríodar muirí, i ndríodar fionnuisce nó i ndríodar inbhir;
- gur lú ná 180 lá leathré an díghrádaithe in ithir.

## 2. Ceanglais shonracha chun díghrádú polaiméirí a léiriú i dtáirgí le haghaidh feidhmeanna talmhaíochta agus gortóireachta

*2.1 Táirgí leasacháin a bhfuil polaiméirí iontu atá ina n-oibreáin bhrataithe nó a mhéadaíonn acmhainneacht coinneála uisce nó infhliuchtacht an táirge*

Déanfar díghrádú polaiméirí ar oibreáin bhrataithe iad nó a mhéadaíonn an acmhainneacht coinneála uisce nó an infhliuchtacht i dtáirgí leasacháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1009, nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin a léiriú i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 42(6) den Rialachán sin. In éagmais gníomhartha tarmligthe den sórt sin, ní chuirfear polaiméirí den sórt sin ar an margadh i dtáirgí leasacháin nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1009 tar éis [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis don Rialachán leasaitheach seo teacht i bhfeidhm]*.

*2.2 Táirgí talmhaíochta agus gortóireachta seachas táirgí leasacháin dá dtagraítear i mír 2.1*

I gcás ina n-úsáidtear modhanna tástála grúpa 4 nó grúpa 5, déanfar díghrádú polaiméirí i dtáirgí le haghaidh feidhmeanna talmhaíochta nó gortóireachta seachas táirgí leasacháin dá dtagraítear i bpointe 2.1 a léiriú in dhá dheighleog chomhshaoil ar a laghad a roghnófar mar a leanas:

Deighleog 1: fionnuisce, uisce inbhir nó uisce muirí;
Deighleog 2: ithir.

Chun go measfar go bhfuil sí indíghrádaithe le haghaidh raon feidhme na hiontrála [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn*], bainfidh polaiméir i dtáirge le haghaidh feidhmeanna talmhaíochta nó gortóireachta seachas táirge leasacháin dá dtagraítear i bpointe 2.1 díghrádú 90 % amach san/in:

(a) ithir laistigh de 48 mí tar éis dheireadh na tréimhse feidhmiúlachta táirge sin; is í an tréimhse feidhmiúlachta an t-am tar éis chur i bhfeidhm an táirge a fheidhmíonn an táirge a fheidhm lena linn.

(b) uisce laistigh de:

  (i) 12 mhí móide tréimhse feidhmiúlachta an táirge, i gcás ina n-úsáidtear modhanna tástála grúpa 4; nó

  (ii) 16 mhí móide tréimhse feidhmiúlachta an táirge, i gcás ina n-úsáidtear modhanna tástála grúpa 5.

Chuige sin, modhnófar na critéir phasála do mhodhanna tástála grúpa 4 agus 5 chun céatadán an díghrádaithe (do ghrúpa 4) nó an leathré (do ghrúpa 5) is gá a urramú ag deireadh fhad caighdeánach na tástála a léiriú chun na dálaí a leagtar síos sa mhír roimhe seo a bhaint amach.

Is i dTáblaí A agus B, faoi seach, a leagtar síos na critéir mhodhnaithe phasála a bhaineann le modhanna tástála ghrúpa 4 agus 5.

**Tábla A:** Critéir phasála do ghrúpa 4 maidir le polaiméirí i dtáirgí le haghaidh feidhmeanna talmhaíochta nó gortóireachta, arna liostú de réir fhad na tréimhse feidhmiúlachta (TF) agus an chineáil tástála.

| **Modh tástála** | **Critéar arna mheasúnú** | **Critéar chun pas a fháil (TF=0)** | **Critéar chun pas a fháil (1 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (2 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (3 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (6 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (9 mhí TF)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T9 (ithir) | díghrádú sprice tar éis 24 mhí | ≥ 68.4 % | ≥ 67.6 % | ≥ 66.9 % | ≥ 66.2 % | ≥ 64.1 % | ≥ 62.1 % |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T5 agus T6 (uisce dromchla) | díghrádú sprice tar éis 6 mhí | ≥ 68.4 % | ≥ 65.4 % | ≥ 62.7 % | ≥ 60.2 % | ≥ 53.6 % | ≥ 48.2 % |

**Tábla B:** Critéir phasála do ghrúpa 5 maidir le polaiméirí i dtáirgí le haghaidh feidhmeanna talmhaíochta nó gortóireachta, arna liostú de réir fhad na tréimhse feidhmiúlachta (TF) agus an chineáil tástála.

| **Modh tástála** | **Critéar arna mheasúnú** | **Critéar chun pas a fháil (TF=0)** | **Critéar chun pas a fháil (1 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (2 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (3 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (6 mhí TF)** | **Critéar chun pas a fháil (9 mhí TF)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T11 (ithir, 48 mí + TF) | Leathré an díghrádaithe (DegT50) | DegT50 ≤ 440 lá | DegT50 ≤ 449 lá | DegT50 ≤ 458 lá | DegT50 ≤ 467 lá | DegT50 ≤ 495 lá | DegT50 ≤ 522 lá |
| T13 (uisce dromchla, 16 mhí + TF) | Leathré an díghrádaithe (DegT50) | DegT50 ≤ 147 lá | DegT50 ≤ 156 lá | DegT50 ≤ 165 lá | DegT50 ≤ 174 lá | DegT50 ≤ 202 lá | DegT50 ≤ 229 lá |

I gcás tréimhsí feidhmiúlachta nach gcumhdaítear i dTáblaí A nó B, déanfar na critéir phasála a ríomh trí úsáid a bhaint as na foirmlí um lobhadh easpónantúil a léirítear thíos.

Grúpa 4, T9 (ithir):

Déanfar an díghrádú sprice a ríomh thar 24 mhí ($TD_{24m}$) mar a leanas:

$$TD_{24m} = 1 - \exp(-\lambda * c * 24)$$

Grúpa 4, T5 agus T6 (uisce dromchla)

Déanfar an díghrádú sprice a ríomh thar 6 mhí ($TD_{6m}$) mar a leanas:

$$TD_{6m} = 1 - \exp(-\lambda * c * 6)$$

Grúpa 5, T11 (ithir) agus T13 (uisce dromchla):

Déanfar leathré an díghrádaithe (DegT50) a bhreathnaítear ag deireadh fhad na tástála de ghrúpa 5 a ríomh mar a leanas:

$DegT50 = \ln(2)/\lambda$

i gcás inarb amhlaidh:

is é c meánlíon na laethanta in aghaidh na míosa, arna ríomh mar:

$c = 365.25/12$

is é $\lambda$ an ráta díghrádaithe, arna ríomh mar:

le haghaidh T9 agus T11: $\lambda_{T9/T11} = \ln(0.1)/-t_{90,T9/T11}$

le haghaidh T5 agus T6: $\lambda_{T5/T6} = \ln(0.1)/-t_{90,T5/T6}$

le haghaidh T13: $\lambda_{T13} = \ln(0.1)/-t_{90,T13}$

is é $t_{90}$ an t-am atá fágtha roimh dhíghrádú 90 %, arna ríomh mar:

le haghaidh T9 agus T11: $t_{90,T9/T11} = c^*(48 + TF)$

le haghaidh T5 agus T6: $t_{90,T5/T6} = c^*(12 + TF)$

le haghaidh T13: $t_{90,T13} = c^*(16 + FP)$

Is é TF an tréimhse feidhmiúlachta, arna sloinneadh i míonna.

## 3. Ceanglais shonracha maidir leis an ábhar tástála atá le húsáid i dtástálacha díghrádaithe

Déanfar an tástáil ar ábhar tástála atá comhdhéanta de pholaiméir nó de pholaiméirí atá i gcáithníní nó a thógann bratú leanúnach ar cháithníní ('cáithníní polaiméire') atá inchomparáide i dtéarmaí comhdhéanamh, foirme, méide agus achar dromchla leis na cáithníní polaiméire atá sa táirge nó, mura bhfuil sé indéanta go teicniúil, leis na cáithníní polaiméire a dhiúscraítear nó a scaoiltear chuig an gcomhshaol.

De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar polaiméirí a úsáidtear le haghaidh imchochlaithe a thástáil in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- san fhoirm a chuirtear ar an margadh;
- i bhfoirm brataithe scoite;
- san fhoirm a chuirtear ar an margadh ina gcuirtear ábhar támh amhail gloine in ionad croí orgánach an ábhair.

Beidh an t-ábhar tástála de thiús inchomparáide le bratú soladach polaiméire an cháithnín a chuirtear ar an margadh. Nuair a dhéantar an díghrádú a mheasúnú i ndáil le hábhar tagartha, dá dtagraítear i bpointe 1.4.3., beidh foirm, méid agus achar dromchla an ábhair thagartha inchomparáide le foirm, méid agus achar dromchla an ábhair tástála.

I gcás ina bhfuil níos mó ná polaiméir amháin san ábhar tástála agus ina n-úsáidtear modhanna tástála ó ghrúpaí 1, 2 nó ó 3 chun díghrádú a chruthú, léireofar díghrádú gach ceann de na polaiméirí ar cheachtar de na bealaí seo a leanas:

- díghrádú an ábhair tástála agus gach polaiméire san ábhar tástála a thástáil ar leithligh agus úsáid á baint as na modhanna tástála ceadaithe agus na critéir phasála a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo,
- díghrádú an ábhair tástála a thástáil agus úsáid á baint as na modhanna tástála ceadaithe agus na critéir phasála a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo, agus a léiriú, le linn na tástála, trí aon mhodh iomchuí, go gcuireann gach polaiméir san ábhar tástála leis an díghrádú a breathnaíodh le linn na tástála agus go gcomhlíonann gach polaiméir na critéir phasála sa mhodh tástála ceadaithe ábhartha a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo.

I gcás ina bhfuil an t-ábhar tástála comhdhéanta de pholaiméir aonair ach go bhfuil substaintí orgánacha neamhpholaiméire eile ann i gcomhchruinniú níos airde ná 10 % den ábhar tástála de réir meáchain, agus go n-úsáidtear modhanna tástála ó ghrúpaí 1, 2 agus 3 chun díghrádú a chruthú, beidh feidhm ag ceachtar de na dálaí seo a leanas:

- déanfar díghrádú an ábhair tástála agus na polaiméire san ábhar tástála a thástáil ar leithligh agus úsáid á baint as na modhanna tástála ceadaithe agus na critéir phasála a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo;
- déanfar díghrádú an ábhair tástála a thástáil agus úsáid á baint as na modhanna tástála ceadaithe agus na critéir phasála a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo, agus léireofar le linn na tástála, trí aon mhodh iomchuí, go gcuireann an pholaiméir le díghrádú an ábhair tástála a breathnaíodh le linn na tástála agus go gcomhlíonann sí na critéir phasála sa mhodh tástála ceadaithe ábhartha a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo.

***Foscríbhinn [Y]*** [*A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na Foscríbhinne*]

**Iontráil [***A Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn***] - Rialacha maidir le hintuaslagthacht a chruthú:**

Leagtar síos san fhoscríbhinn seo na modhanna tástála ceadaithe agus na dálaí tástála chun a chruthú go bhfuil polaiméir intuaslagtha chun críocha iontrála [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na hiontrála i bpointe (1) den Iarscríbhinn*]. Is iad saotharlanna a chomhlíonann prionsabail an dea- chleachtais saotharlainne dá ndéantar foráil i dTreoir 2004/10/CE nó caighdeáin idirnáisiúnta eile atá aitheanta mar chaighdeáin choibhéiseacha ag an gCoimisiún nó ag an nGníomhaireacht nó atá creidiúnaithe do ISO 17025 a dhéanfaidh na tástálacha.

Modhanna tástála ceadaithe:

1. Treoirlíne ECFE 120
2. Treoirlíne ECFE 105

Déanfar an tástáil ar ábhar tástála atá comhdhéanta de pholaiméir nó de pholaiméirí atá i gcáithníní nó a thógann bratú leanúnach ar cháithníní ('cáithníní polaiméire') atá inchomparáide i dtéarmaí comhdhéanamh, foirme, méide agus achar dromchla leis na cáithníní polaiméire atá sa táirge nó, mura bhfuil sé indéanta go teicniúil, leis na cáithníní polaiméire a dhiúscraítear nó a scaoiltear chuig an gcomhshaol.

De mhaolú ar an tríú mír, maidir le cáithníní polaiméire a bhfuil gach toise acu níos mó ná 0,25 mm nó a bhfuil cóimheas fad go trastomhas níos mó ná 3 acu agus atá níos faide ná 0,25 mm, laghdófar méid na gcáithníní polaiméire a bheidh le tástáil i gcomhréir le treoirlíne 120 ECFE, ionas go mbeidh gné amháin ar a laghad den cháithnín polaiméire nó, i gcás cáithníní polaiméire a bhfuil cóimheas fad go trastomhais acu níos mó ná 3, fad an cháithnín polaiméire, idir 0,125 mm agus 0,25 mm. Maidir le cáithníní polaiméire ina bhfuil substaintí neamhorgánacha i dteannta polaiméire nó polaiméirí, amhail cáithníní polaiméire atá imchochlaithe le substaintí neamhorgánacha nó le cáithníní polaiméire ina ndéantar polaiméir a bheangú ar iompróir neamhorgánach, beidh sé leordhóthanach a léiriú go gcomhlíonann an polaiméir an critéar chun pas a fháil. Chun na críche sin, tá sé ceadaithe intuaslagthacht na polaiméire nó na bpolaiméirí a thástáil sula ndéantar na cáithníní polaiméire a fhoirmiú.

Is iad seo a leanas na dálaí don tástáil intuaslagthachta:

- Teocht 20 $^{o}$ C
- pH 7
- Ag lódáil: 10 g/1000 mL
- Fad na tástála: 24 u

Critéar chun pas a fháil: intuaslagthacht >2 g/L.'